# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/401 ÓN gCOIMISIÚN

**an 8 Márta 2022**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 liostaítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha, comhlachtaí nó eintitis a bhaineann le réimeas an iar-Uachtaráin Saddam Hussein a chumhdaítear le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha agus le toirmeasc ar chistí nó ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.

(2) An 3 Márta 2022, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe seachtar a bhaint de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*Ar son an Uachtaráin*

*An tArd-Stiúrthóir*

*An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil*

([1]) IO L 169, 8.7.2003, lch. 6.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

“8. **AINM: Aziz Salih al-Numan**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: 1941 nó 1945, An Nasiriyah

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Uachtarán ar Cheannasaíocht Réigiúnach Pháirtí Ba’th;

IarGhobharnóir ar Karbala agus An Najaf;

An tIarAire Talmhaíochta agus Athchóirithe Talúntais (1986-1987)”

“10. **AINM: Kamal Mustafa Abdallah**

DÁ nGAIRTEAR FREISIN: Kamal Mustafa Abdallah Sultan al-Tikriti

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: 1952 nó 4 Bealtaine 1955, Tikrit

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Rúnaí ar an nGarda Poblachtach;

Ceannaire ar an nGarda Speisialta Poblachtach agus ceannasaí ar dhá Chór an Gharda Phoblachtaigh”

“18. **AINM: Latif Nusayyif Jasim Al-Dulaymi**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: Thart ar 1941, ar-Rashidiyah, bruachbhaile de Bhagdad

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Leas-Uachtarán ar Bhiúró Míleata Pháirtí Ba’th;

An tAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta (1993 go 1996)”

“40. **AINM: Abd-al-Baqi Abd-al-Karim Abdallah Al-Sa’dun**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: 1947

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Uachtarán ar Cheannasaíocht Réigiúnach Pháirtí Ba’th, Diyala

Leas-Cheannasaí, Réigiún Theas, 1998 go 2000;

IarSpéicéir an Tionóil Náisiúnta”

“41. **AINM: Muhammad Zimam Abd-al-Razzaq Al-Sa’dun**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: 1942, Ceantar Suq Ash-Shuyukh, Dhi-Qar

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Uachtarán ar Cheannasaíocht Réigiúnach Pháirtí Ba’th, At-Tamin;

An tAire Gnóthaí Baile, 1995 go 2001”

“42. **AINM: Samir Abd al-Aziz Al-Najim**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: 1937 nó 1938, Bagdad

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Uachtarán ar Cheannasaíocht Réigiúnach Pháirtí Ba’th, Bagdad Thoir;”

“53. **AINM: Qaid Hussein Al-Awadi**

NÁISIÚNTACHT: An Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Uachtarán ar Cheannasaíocht Réigiúnach Pháirtí Ba’th, Ninawa;

IarGhobharnóir ar An Najaf, thart ar 1998 go 2002”